



Aighneacht GAELSCOILEANNA TEO. ar

An Samhail Nua Mhaoinithe

Molta ag Foras na Gaeilge

Aibreán 2012

Teagmháil:

Bláthnaid ní Ghréacháin
Ardfheidhmeannach
GAELSCOILEANNA TEO.
Institiúid Oideachais, Marino
Ascaill Uí Ghríofa
BÁC 9
bláthnaid@gaelscoileanna.ie
Teil: 01 8535190/086 8050335

Tógann an aighneacht seo ar an 4 aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Fhorais ó 2010. Ní bhfuarthas aon aiseolas ná freagra ar mholtaí ná ábhar buartha na n-aighneachtaí go dáta.

A. Fís, ról agus réimse oibre GAELSCOILEANNA TEO.

Is í fís GAELSCOILEANNA TEO. ná

Gaelscolaíocht d'ardchaighdeán a bhunú agus a bhuanú ar fud na tíre, i dtreo pobal agus cultúr na Gaeilge a fhorbairt agus a neartú.

Is í GAELSCOILEANNA TEO. scátheagraíocht chomhordaitheach na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Cabhraíonn sí le tuismitheoirí agus le grúpaí áitiúla scoileanna nua a bhunú agus feidhmíonn sí mar eagraas tacaíochta agus ionadaíochta do na scoileanna atá bunaithe cheana féin.

Is í príomhaidhm GAELSCOILEANNA TEO. ná an ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal ar fud fad na hÉireann. Tá an eagraíocht aitheanta mar Chomhpháirtí Oideachais ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tá GAELSCOILEANNA TEO. ionadaíoch ar na scoileanna lán-Ghaeilge ar fad sna 26 contae, lasmuigh den Ghaeltacht, is é sin 140 bhunscoil agus 36 iarbhunscoil lán-Ghaeilge.

Eascaíonn clár oibre na heagraíochta as an bPlean Straitéiseach, as rúin a ritear ag an gCruinniú Cinn Bliana agus as éilimh a thagann ó na scoileann ar chúnamh ar a gcuid sainriachtanais ar leith. Bíonn an clár oibre roinnte i 4 chuid, 1 – 3 de réir phríomhréimsí oibre na heagraíochta, agus mír 4 de réir riachtanais eagraíochtúil d'fhonn comhlíonadh na spriocanna eagraíochtúla ar ardchaighdeán.

1. BUNÚ SCOILEANNA
2. BUANÚ SCOILEANNA
3. FORBAIRT SCOILPHOBAIL
4. FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

RÓI GAELSCOILEANNA TEO. i gcur chun cinn na Gaeilge

Tagann róil GAELSCOILEANNA TEO. faoi na réimsí seo a n-aithnítear mar thosaíochtaí do chur chun cinn na Gaeilge:-

- Oideachas d'ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a éascú agus a spreagadh.
- Úsáid agus cumas na teanga a chur chun cinn, a chothú agus a neartú
- Cumas an pháiste / an phobail sa teanga a chothú
- Pobal labhartha na Gaeilge a bhuanú trí earnáil na gaelscolaíochta (Scoilphobail).

B. GAELSCOILEANNA TEO. agus Comhthéacs na Samhla Nua Mholta

1. Tá stádas ag GAELSCOILEANNA TEO. mar **chomhpháirtí oideachais**. Is ag GAELSCOILEANNA TEO. amháin atá an stádas oifigiúil mar Chomhpháirtí Oideachais leis an Stáit ó thaobh bunú scoileanna agus buanú na scoileanna lán-Ghaeilge uile. Tá gaol comhoibritheach ag an eagraíocht leis an ROS agus tá forbairt na hearnála mar ábhar leanúnach plé idir an dá thaobh. Dá mbeadh eagrais eile, ar chonarthaí leanúnacha nó aon uaire, i mbun an ról seo trí chur chuige scéimeanna seachas eagraíocht le haitheantas agus stádas buan, chaillfí an t-aitheantas agus an stádas rí-thábhachtach seo, chun dochar todhchaí na scoileanna agus obair shaineolach GAELSCOILEANNA TEO.
2. Tá **saintaithí, saineolas agus saintuiscint** léirithe ag GAELSCOILEANNA TEO. le 40 bliain anuas. Bheadh cailliúint na saineagraíocht oideachais seo tubaisteach d'earnáil na dheonach atá go hiomlán ionadaíoch ar mhianta tuismitheoirí agus múinteoirí oideachas lán-Ghaeilge d'ardchaighdeán a chur ar fáil do pháistí.
3. Tá **Ról uathúil ag an eagraíocht sa mhéid is go bhfuil sí ionadaíoch ar gach scoil lán-Ghaeilge sa tír**, beag beann ar phatrún agus ar shainmheon creidimh. Is í GAELSCOILEANNA TEO. an t-aon eagraíocht tacaíochta agus abhcóideachta a dhéanann stocaireachta ar son *na scoileanna lán-Ghaeilge go léir* ag an dá leibhéal.
4. Tá **obair riachtanach ar bun ag GAELSCOILEANNA TEO.**, obair nach bhfuil á comhlíonadh ag aon eagraíocht eile agus obair a bhfuil an-éileamh cruthaithe ann di sa trí mhór-réimse 1) bunú scoileanna, 2) buanú scoileanna agus 3) forbairt scoilphobail.
5. Tá **caomhnú agus tacaíocht leanúnach d'fhás earnáil na gaeilscolaíochta** riachtanach do chaomhnú na Gaeilge mar theanga bheo agus riachtanach chun soláthar a dhéanamh do chearta bunreachtúla an tsaoránaigh ar oideachas trí mheán na Gaeilge.
6. Is iad na **scoileanna lán-Ghaeilge sa tír seo baill na heagraíochta** agus is na baill a threoraíonn clár oibre na bliana trí na rúin a rithear ag an gCruinniú Cinn Bliana agus trí na héilimh ar chúnamh ar an eagraíocht go leanúnach. Leis an gcur chuige molta ag an bhForas, **ní bheadh cur chun cinn na gaeilscolaíochta ag teacht le tosaíochtaí ná le mianta na scoileanna. Ní bheadh forbairt na hearnála gaeilideachais ag tarlú i mbealach atá ábhartha do phobal na gaeilscolaíochta** nó ar bhealach a rachadh chun leasa na hearnála.
7. Is **branda tábhachtach**, uathúil agus so-aitheanta é **GAELSCOILEANNA TEO.** san earnáil maraon le hobair na heagraíochta. Tá íomhá agus féiniúlacht láidir ag baint léi agus tá tábhacht ar leith leis an eagraíocht agus le hearnáil láidir gaeilscolaíochta. Aithnítear go forleathan an luach a bhaineann leis an eagraíocht agus le torthaí oibre na heagraíochta.

C. An tSamhail Mholta

An Próiseas Comhairliúcháin

1. Ábhar mór míshástachta a bhí sa phróiseas comhairliúcháin, a bhí lochtach ón tús sa chur chuige leis an oiread easpa leanúnachais ó thús go deireadh. Níor leanadh próiseas agus dea-chleachtas ceart maidir le reáchtáil na gcruinnithe. Iarradh go rialta go gcuirfear na miontuairiscí ó na cruinnithe ar fáil don phobal i ndiaidh na gcruinnithe agus dúradh go ndéanfar sin ag deireadh an phróisis comhairliúcháin. Moltar sin a dhéanamh láithreach.
2. Tá an próiseas lochtach i bhfianaise nach bhfuil ach an *‘Punann Dréachtscéimeanna’* faoi chaibidil. Ba chóir go raibh roghanna oscáilte ann más é an sprioc atá leis an chomhairliúchán ná *‘cinntiú go bhfeabhsófar an bealach ina gcuirtear seirbhísí agus eolas ar fáil do phobal na Gaeilge agus do mhórphobal an Bhéarla, ar fud oileán na hÉireann, earnáil inmharthana agus cumasach a chinntiú agus, ag an am céanna, luach níos fearr ar airgead a chinntiú’*. **Níl aon spreagadh ann d’aon mholtaí nó ionhcur ón bpobal nach bhfuil fréamhaithe sna dréachtscéimeanna.**

An Múnla Molta

3. Easaontaíonn GAELSCOILEANNA TEO. go láidir leis an múnla atá ag moladh earnáil dheonach na Gaeilge a reáchtáil ar bhonn scéimeanna amháin. Molann GAELSCOILEANNA TEO. cur chuige comhoibríoch idir na heagrais dheonacha agus forais stát, ag teacht leis agus ag tógáil ar an dea-chleachtas atá seánbhunaithe san earnáil chun data.
4. Tá míshuaimehnas, teannas agus íseal brí le braith go láidir i measc earnáil na Gaeilge i dtaca le todhchaí na n-eagras faoi seach agus todhchaí na hearnála ina iomláine. I measc na n-ábhar atá ag déanamh buartha do bhoird, d’fhoirne agus d’úsáideoirí seirbhísí na hearnála áirítear soláthar agus inbhuainiteacht seirbhísí san am atá le teacht, leanúnachas na hoibre agus na seirbhísí, cúrsaí fostaíochta, rialachas agus neamhspleáchas na n-eagras.
5. Tá doiléireacht ag baint le critéir, cuspóirí agus fíis na samhla agus lena gcur i bhfeidhm, gan trácht ar an easpa straitéise ó Fhoras na Gaeilge. Ní leor in aon chor an trí fhocal, úsáid-cumas-stádas, mar straitéis athbheochana na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann.
6. Faoi ‘cuspóir agus comhthéacs’ na Samhla, luaitear gurb í **aidhm na samhla nua** chun *“a chinntiú go bhfeabhsófar an bealach ina gcuirtear seirbhísí agus eolas ar fáil do phobal na Gaeilge agus do mhórphobal an Bhéarla, ar fud oileán na hÉireann, earnáil inmharthana agus cumasach a chinntiú agus, ag an am céanna, luach níos fearr ar airgead a chinntiú*. **Níl aon chruthúnas ann ar an toradh seo. Níor chuir an Foras anailíse riosca sa tsiúl maidir leis an gcur chuige seo, rud a fhágann go mbeidh athrú suntasach ó bhonn á dhéanamh in éagmais aon fhianaise eolaíoch ar na torthaí a eascróidh as.** Tá an cur chuige seo an-bhaolach do thodhchaí na Gaeilge.
7. Luaitear go minic go mbeidh réimse na scéimeanna ag **feidhmiú ar bhonn uile-oileánda**. Níl léir **cén mheicníocht** a bheadh i gceist anseo.

Comhoibriú san Earnáil

8. Tá Foras na Gaeilge ag cur i leith na n-eagraíochtaí go bhfuil **trasnáil nó dúbláil** san obair, ach níl aon taighde nó measúnú déanta acu riamh ar obair na n-eagras, nó ar luach na hoibre sin. Léiríonn an tsamhail nua mhaoinithe easpa tuisceana iomlán ar obair na n-eagras, ar shainréimsí na n-eagras, agus ar obair na hearnála deonaí. Dá mbeadh measúnú ceart déanta, bheadh bóthar chun cinn ann chun dúbláil a sheachaint agus luach ar airgead dá réir.
9. Tá an-chuid **comhoibrithe** ar bun idir eagrais bhunmhaoinithe an Fhorais, go foirmeálta agus go neamhfhoirmeálta. Tá comh-thionscadail ar bun idir GAELSCOILEANNA TEO. agus eagrais eile, Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta, Comhairle na Gaelscolaíocht agus FNT ach go háirithe, a léiríonn an-luach ar airgead, gan trácht ar leas na hearnála de bharr an chomhroinnt saineolais. Is gá a chinntiú nach leanfar ag cur i leith eagrais nach bhfuil comhoibriú ar bun ná go bhfuil trasnáil ann. Is gá a chinntiú go mbíonn anailís cheart déanta ar an obair chomhoibrithe agus ar aon obair a léiríonn trasnáil agus an difríocht eatarthu a shainiú. Ar an mbonn sin seachnófar aon trasnáil atá nó a d'fhéadfadh a bheith ann.
10. Faoin samhail mholta tá sé i **gcoinne leas na n-eagras bheith ag déanamh comhoibriú lena chéile** agus ag cuidiú lena chéile ar aon bhealach mar is eagrais iad anois a bheadh ag iomaíocht lena chéile chun maoiniú atá gann a fháil. D'fhéadfadh sé bheith mar thoradh air go mbeadh laghdú ní amháin i gcomhoibre idir na heagrais ach i gcomhoibre idir ranna stáit/an maoinitheoir agus na heagrais toisc a laghad baint ag na heagrais le ceapadh straitéise agus le ceapadh a straitéisí agus clár oibre féin de réir sainriachtanais a gcuid ball. Beidh meanma na hearnála á mhúchadh ag an gcóras.

Tascfhórsa Ghairmiúil na hEarnála

11. Is é ceann de na hacmhainní is mó atá ag na heagraíochtaí ná an fhoireann atá ag obair dóibh. Faoin samhail nua mholta **tá impleachtaí ollmhóra do thascfhórsa gairmiúil agus saineolach in earnáil na Gaeilge**. Faoi réir mholadh an Fhorais bheadh ar gach eagraíocht scaoileadh leis na fostaithe acu a bhfuil a bpoist á maoiniú ag an bhForas. Thar oíche, chaillfí saibhreas na mblianta de dhúthracht agus de thaithí. Ní fhéadfadh riamh go mbeadh an saineolas ná an taithí céanna ag oibrithe ar chonradh. Tá impleachtaí iomarcaíochta do gach ball de gach eagras i gceist. Bheadh gach post nua de réir gach scéim le fógairt de réir sainchuntais poist nua agus cúinsí agus coinníollacha oibre éagsúla.
12. Níl aon chaipiteal oibre ag an chuid is mó de na heagrais, GAELSCOILEANNA TEO. san áireamh, a ligeann dóibh maireachtáil ar feadh tréimhsí fada gan airgead ó chonarthaí.
13. Mínítear sa cháipéis chomhairliúcháin gur eascair an gá do chuíchóiriú as céatadán ró-ard a bheith á chaitheamh ar líon fostaithe/tuarastail san earnáil agus go mbeadh *'riosca ann do sholáthar seirbhísí'*. **Conas is féidir seirbhísí a sholáthar gan foirne?** Is gá líon na bhfostaithe a chur i gcomhthéacs freisin. Ar infheistíocht an-bheag ón Stáit, tá líon beag fostaithe maoinithe ag an bhForas sna 19 n-eagras déag ag cur seirbhís den scoth ar fáil agus ag cinntiú todhchaí inmharthana na teanga.

Luach ar Airgead

14. I gcomhthéacs **luach ar airgead** – deirtear go bhfuil *lánchead ag eagraíochtaí maoiniú ó fhoinsí eile a lorg agus a úsáid, ionas nach gá braith ar mhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge amháin. Is é fírinne an scéil ná go bhfuil eagrais, GAELSCOILEANNA TEO. ina measc ag braith go huile is go hiomlán ar mhaoiniú an Fhorais*. Leis an tír i lár géarchéim eacnamaíochta, tá sé níos dúshlánaí ná riamh teacht ar fhoinsí airgid. Anuas ar seo, tá baol ann leis na scéimeanna nua go maoineofar eagraíochtaí a bhfuil foinse eile maoinithe acu cheana féin agus go bhfágfaí eagraíochtaí bunmhaoinithe le titim i léig. Níor éirigh le hiarratas GAELSCOILEANNA TEO. cheana ar scéimeanna a bhí á bhfógairt ag pobail ar an gcúis go raibh an baol ann do mhaoiniú dubailte le hairgead an Fhorais.
15. Más é an sprioc sonrach an athbreithníthe ná luach níos fearr a fháil ar airgead poiblí agus múnla a aithint a dhéanfadh caiteachas an Fhorais ní ba éifeachtaí agus ní ba éifeachtúlaí ba chóir go raibh an t-athmheasúnadh agus an t-athbhreithniú bunaithe ar chaiteachas iomlán Fhoras na Gaeilge, ar a chuid scéimeanna uilig, agus seachas ar bhunmhaoiniú amháin.

Cur Chuige Molta

16. Luaitear faoi na critéir iarratais gur gá *struchtúr eagraíochtúil a bheith in áit nó a bheith incheaptha laistigh d’amscála réasúnta le freastal ar riachtanais na Scéime, agus taithí chuí sa réimse oibre NÓ/AGUS nuálaíocht sa réimse oibre seo. Tá na critéir seo an-bhaolach do na heagrais fadbhunaithe a bhfuil saintaithí na mblianta fada acu.*
17. Tá impleachtaí ann don earnáil dheonach trí chéile sa mhéid is go bhfuil baol ann **d’iomaíocht mhí-shláintúil agus coimhlint/ trasnaíl ar shainróil na n-eagras faoi seach**. Tá fianaise dó sin ann cheana agus eagrais dá n-ullmhú féin i dtreo cuíchóirithe, rud atá go mór chun dochair na hearnála.
18. Tugann an córas **cumhacht iomlán don mhaoinitheoir**. Is é a dhéanann an phleanáil ar fad ar shainréimse oibre na n-eagras. Is é an maoinitheoir a shocraíonn cén chuspóir a bheidh leis an obair a dhéanfar agus socraíonn sé cén obair a dhéantar agus cén obair nach ndéantar. **Eagrais fheidhmithe** amháin a bheadh sna heagrais Ghaeilge, agus iad ina gcuid d’earnáil Gaeilge an stáit. An príomh ghnó a bheadh acu ná teoracha an Fhorais a leanúint, tuairisciú go leanúnach don bhForas ar an obair, agus an obair ar fad a dhéanamh chomh maith.
19. Taispeánann leagan amach An tSamhail Nua Mhaoinithe gurb é Foras na Gaeilge a shocródh **cén fhealsúnacht teanga** a bheadh i réim, cén mheasúnú a dhéanfaí ar an dtimpeallacht, cé na saincheistean a nochtfaí, cén obair a dhéanfaí, cén chaoi a dhéanfaí í, cén uair a dhéanfaí í agus cén mhaoiniú a thabharfaí ina leith. **D’fhágfadh sé sin go mbeadh an chumhacht ag Foras na Gaeilge a shocrú cé na heagrais a mhairfeadh agus cé na heagrais a gcuirfí deireadh leo.**

20. **Abhchóideacht:** Baineann sé le bun smaoineamh agus bunchlár na n-eagras, pé obair ar leith a dhéanann siad, go ndéanfaidh siad ar fad bolscaireacht, stocaireacht agus dul i bhfeidhm ar an bpobal agus ar an rialtas/stát. Chuirfeadh an tSamhail Nua Mhaoinithe deireadh leis sin. Ina háit sin, samhlaíonn an tSamhail Nua Mhaoinithe go ndéanfaidh eagras amháin an obair abhcóideachta ar fad. Léiríonn sé seo tuiscint an-teoranta ar an abhcóideacht agus ar obair abhcóideachta na n-eagras. Chuirfeadh cúngú seo na habhcóideachta deireadh le cuid bhunúsach d'obair ghluaiseachta — bolscaireacht agus áiteamh. Ní bheadh sé feiliúnach go ndéanfaidh eagras eile obair abhcóideachta ar shainriachtanais na hearnála gaelscolaíochta, agus gan an saineolas sin a bheith acu. Dhéanfaidh sé an-dochar d'íomhá ghairmiúil earnáil na Gaeilge.
21. Ní thugann an cur chuige molta aghaidh ar na **coimpléascachtaí a bhaineann leis an earnáil dheonach**. Laistiar de gach eagraíocht bhunmhaoinithe, tá na blianta de thaithí, de rannpháirtíocht agus de dhea-thoil. Ní féidir a leithéid a chruthú ar an toirt ar mhaithe le plean gearrthéarmach a chur i gcrích. Ní féidir, ach oiread, leanúnachas i soláthar seirbhísí a chinntiú más ar bhonn scéimeanna uileghabhálacha gearrthéarmacha atá earnáil na Gaeilge le riar. Chomh maith le **deireadh a chur le leanúnachas eagraíochtaí, tá an clár oibre atá leagtha amach go h-iomlán saintreorach**. Bainfear de neamhspleáchas na hearnála cláir oibre eagraíochtúla a cheapadh agus a chur i bhfeidhm a thacaíonn le cur chun cinn na Gaeilge agus a fhreastalaíonn ar riachtanais an phobail. **Níl aon áit ann do neamhspleáchas an bhoird ag ceapadh a chuid polasaithe ná clár oibre féin, de réir ár saintuiscint agus saineolas ar an earnáil**. Is éard a bheadh ann ná cur chuige leis an maoinitheoir ag aithint spriocanna in oiriúint dá spriocanna féin agus spriocanna an Stáit, rud a chuirfeadh deireadh leis an earnáil dheonach.
22. Bheadh athrú ó bhonn i gceist ar chomhdhéanamh, stiúir agus ar mhodhanna oibre na n-eagras. Ní bheadh ról ná sásamh ann a thuilleadh do na hoibrithe deonacha, agus d'éireodh siad as.
23. Ábhar eile mhíshásaimh is ea an cosc a chuirfeadh an córas nua ar thionscnaimh nua agus ar sholúbthacht.

D. Scéim Tacaíochta Oideachais

24. Luaitear faoi aidhm na scéime seo: *Córas tacaíochta oideachais a fhorbairt agus a chur ar fáil do scoileanna, coistí bunaithe scoileanna agus do mhúinteoirí ar bhonn uile-oileánda ag cur coinníollacha éagsúla an dá dhlínse agus na Gaeltachta san áireamh. Ní léir cén mheicníocht atá beartaithe ag an bhForas dó seo ná cén bhrí agus fheidhm phraiticiúil atá i gceist. Tá dlínse agus córas oideachais éagsúil ó thuaidh, a bhfuil freastal á dhéanamh ar tríd an eagraíocht Comhairle na Gaelscolaíochta. Tá roinnt de thionscadail GAELSCOILEANNA TEO. ar fáil do scoileanna an Tuaiscirt, agus fáiltimid go mór roimh an chomhoibrithe seo ach maidir le bunú scoileanna agus buanú scoileanna, tá feidhmeanna iomlán éagsúil ag an dá dhlínse de réir an dá chóras oideachais éagsúil.*
25. Príomhaidhm: ***Tacaíocht a sholáthar i gcomhar leis na páirtithe cuí don ghaelscolaíocht, do theagasc na Gaeilge i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc agus imeachtaí***

idirscoile a réachtáil. I bhfianaise an méid oibre atá le tabhairt faoi le forbairt a dhéanamh ar agus tacaíocht a thabhairt don ghaelscolaíocht ag an dá leibhéal **níl scóip na scéime seo réadúil, inmholta ná indéanta ar chúiseanna straitéiseacha ná ar chúiseanna maoinithe.** Bheadh **impleachtaí an-suntasacha ann d'fheidhmiú agus d'éifeacht na hoibre sa dá réimse seo.** Tá an **dá réimse ró-éagsúil óna chéile le sainriachtanais agus pobail éagsúla acu.** Ní ghá ach an oiread go n-aontódh an dá réimse seo lena chéile i gcónaí (mar shampla maidir le caighdeán agus dúshlán na Gaeilge ag leibhéal na hArdteiste).

Rinne an eagraíocht **plé le Comhar na Múinteoirí Gaeilge agus comhaontaíodh go bhfuil spriocanna straitéiseacha, polasaithe agus spriocphobail éagsúla** ag an dá **earnáil** agus nach mbeadh comhnascadh eagraíochta ná réimse oibre inmholta ná réadúil.

26. Ní aithnítear an tábhacht a bhaineann le **réimse forbartha scoilphobail**, gur ceann de spriocanna straitéiseacha Gaelscoileanna Teo. é agus atá fíor-thábhachtach leis na scoileanna a spreagadh an Ghaeilge a thabhairt lasmuigh den seomra ranga agus isteach sa phobal áitiúil chomh maith.

E. MOLTAÍ

1. **Moltar go láidir gné fíor-thábhachtach na hoibre deonaí a chaomhnú.** Ní amháin ag leibhéal na mbord stiúrtha a bhfuil infheistíocht an-luachmhar á déanamh acu, ach ag leibhéal na bpobal áitiúla ar fud fad na tíre. Murach díograis an phobail agus an ról a bhíonn ag GAELSCOILEANNA TEO. ag stiúradh obair na bpobal, ní bheadh scoileanna lán-Ghaeilge ann ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal. Bheadh deireadh leis an rath a bhaineann leis an gcóras seo mura gcaomhnaítear obair an eagrais náisiúnta tacaíochta agus chomhordaithe na scoileanna lán-Ghaeilge agus mura gcaomhnaítear ról rí-thábhachtach na bpobal ann.
2. Tá GAELSCOILEANNA TEO. i bhfabhar athstruchtúráil ar an **earnáil dheonach a bheadh chun leasa a) earnáil na Gaeilge trí chéile agus b) earnáil na gaelscolaíochta ach go háirithe.** Tá an eagraíocht i bhfabhar aon chóras nua a mbeadh seirbhís fheabhsaithe d'ár mbaill mar thoradh air, a léireodh éifeacht agus éifeachtúlacht feabhsaithe, comhoibriú feabhsaithe agus comhroinnt acmhainní, saineolas agus saintaithí i mbealach comhordaithe, trédhearcach. Ní bheidh de thoradh ar an athstruchtúráil atá molta ach a mhalairt de sprioc.
3. **Aithnítear an gá atá le forbairt agus le cuíchóiriú ar mhaithe leis na torthaí is fearr a bhaint amach, ar an luach airgid is fearr.** Is léir nach bhfuil na heagrais ag troid ar son an status quo a chosaint. Moltar tosú arís, agus iniúchadh ceart a dhéanamh ar obair na n-eagrais, ionas go dtiocfar suas le samhail agus struchtúir a mbeidh breis éifeachta agus éifeachtúlachta ag baint leo, agus é curtha i gcrích i mbealach comhaontaithe agus comhpháirtíochta.
4. Moltar don bhForas tabhairt faoi **athbhreithniú cuimsitheach ar bhealaí chun éifeacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach trí earnáil na Gaeilge ina iomlána** – idir eagrais reatha bunmaoinithe agus lasmuigh dóibh. Moltar feidhmeanna agus clár oibre an Fhorais a bheith faoi réir an athbhreithnithe céanna chun léargas iomlán a thabhairt ar obair na hearnála. Moltar cur chuige eolaíoch, fianaise-bhunaithe a thógáil, le saineolaithe ar conas

na nithe sin a thomhas i dtaobh luach ar airgead agus caomhnú cultúr agus saibhreas na hearnála. Ag eascairt as na torthaí sin, moltar tabhairt faoi phróiseas comhpháirtíochta leis an earnáil maidir le comhnascadh réimsí de réir sainréimsí agus sainchúraim, más cuí sin i ndiaidh na hanailíse.

5. Moltar mar chuige go bpléifí leis an heagrais conas ab fhearr a bhféadfaidís iad féin a atheagrú chun freastal ar riachtanais straitéiseacha Fhoras na Gaeilge agus a riachtanais féin go comhlántach. Ba chóir féachaint le tógáil ar an gcuid is fearr dá bhfuil á thairiscint ag an earnáil agus a chinntiú go leanfar de.

Riachtanais maoinithe GAELSCOILEANNA TEO. agus múnla do mhaoiniú gach eagrais.

6. Tá gá le croí-mhaoiniú leanúnach imfhallaithe a bheith ar fáil don earnáil gaelscolaíochta i dtreo is gur féidir an tacaíocht chuí a chur ar fáil go fadtéarmach agus go seasmhach do na scoileanna atá ag múineadh trí mheán na Gaeilge agus mar thacaíocht dá gcuid pobail. Ní oireann coincheap na scéimeanna d'obair riachtanach a thacaíonn le buan-chóras oideachais mar go mbeadh ceist ann gach cúpla bliana an mbeadh maoiniú ar fáil nó nach mbeadh mar thacaíocht don earnáil. Bhainfeadh sé go hiomlán ó stádas na hearnála.

Moltar **cur chuige maoinithe buan** do GAELSCOILEANNA TEO. agus d'eagrais na hearnála de réir:

- a. **croímaoiniú** – acmhainní /foireann/cíos/ trealamh
- b. **sainmaoiniú** - tionscadail de réir clár a aithníonn an Bord Stiúrtha agus de réir na shainriachtanais baill na n-eagrais, a chinntíonn neamhspleáchas agus ábharthacht a gcuid oibre.
- c. **Maoiniú tionscadail** – de réir spriocanna comhaontaithe idir Foras na Gaeilge / eagrais chun leasa na hearnála agus a bhfuil comhoibriú idir eagrais lárnach dó.

7. **Aithnítear earnáil na gaelscolaíochta mar chroílár cur chun cinn na Gaeilge agus na Straitéise 20 bliain don Ghaeilge** agus is gá todhchaí seasmhach inmharthana a chinntiú don earnáil trí córas ceart maoinithe a bheith ar fáil don eagraíocht náisiúnta chomhordaithe na hearnála. Faoi mar atá, tá an eagraíocht faoi bhrú ollmhór le líon an-bheag foirne chun spriocanna iomlána earnáil na gaelscolaíochta sna 26 contae a chomhlíonadh.

8. Comhnascadh GAELSCOILEANNA TEO. agus ESG

Luaitear an Ghaeltacht sa tSamhail, ach gan aon soiléiriú ann an mbeidh nó nach mbeidh **maoiniú imfhallaithe ann don Ghaeltacht**. Tá an eagraíocht seo agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta i mbun comhchainteanna faoi chomhnascadh le beagnach 2 bhliain anuas. Tá an-dul chun cinn déanta sa chomhphlé/straitéise seo a aithnítear a mbeidh chun leasa earnáil an ghaeloideachais ina iomláine. Tá aontaithe ag an bhForas agus ag an Roinn OEG gur cur chuige ciallmhar agus straitéiseach a bheadh ann. Ní léir áfach aon chomhthuiscint ón Roinn OEG ná ó Fhoras na Gaeilge gur gá maoiniú d'ESG a imhallú chuige seo agus gealltanais cearta a thabhairt do thodhchaí na heagraíochta sin agus d'fhiúntas an chomhnasctha.

Molann GAELSCOILEANNA TEO. agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta go ndéanfar **ciste a imhallú d'fhorbairt aon eagrais amháin sna 26 condae atá freagrach as forbairt an chórais oideachais lán-Ghaeilge**. Leanfar leis an dlúthchomhoibriú le Comhairle na Gaelscolaíochta ó thuaidh tríd an struchtúr nua seo.

9. Anailíse riosca

Moltar don bhForas fianaise a chur ar fáil don earnáil trí chéile ar na ceistanna seo:-

- I. An straitéis as a dtáinig bunús na samhla. Ní mór go léireofaí nasc láidir idir aon samhail nua mhaoinithe agus Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge, straitéis Fhoras na Gaeilge agus ról na n-eagraíochtaí iontu.
- II. An taighde ar a bhfuil an tSamhail Nua Mhaoinithe bunaithe.
- III. An bunús pleanála teanga atá leis an tSamhail.
- IV. Eolas faoin anailís costas-tairbhe agus / nó cost-éifeacht a bhaineann leis an gcuíchóiriú molta .
- V. Tá saineolaithe idirnáisiúnta sa phleanáil teanga ag moladh go ndéanfaí coincheap na Samhla a chaitheamh i dtraipisí de bharr go ndéanfaidh sí dochar aimhleasach don teanga. Tá sé riachtanach go dtuigfeadh an earnáil cur chuige an Fhorais gan sainchomhairle a leanúint.
- VI. Cruthúnas a thabhairt ho mbeidh na hathruithe molta chun leas na Gaeilge.
- VII. Tá buiséad de €21M ag an bhForas, caitheadh €7.2M de sin ar na heagrais bhunmhaoinithe. Eolas a thabhairt faoin athbhreithniú atá beartaithe ar an €13.8M de sin atá á chaitheamh ar thuarastal, costais agus seirbhísí tosaigh an Fhorais féin.
- VIII. Luaitear sa cháipéis chomhairliúcháin go bhfuil an ocht ndruchtscéim molta chun riar ar thosaíochtaí straitéiseacha agus ar bhunphrionsabail phleanála teanga. Ní mór eolas a thabhairt don phobal ar cé na bunphrionsabail seo agus na tosaíochtaí straitéiseacha atá i gceist.

10. Tá GAELSCOILEANNA TEO. rannpháirteach in obair **an Fhórait** agus ag obair i gcomhar leis an bhfóram le hiarracht a dhéanamh éisteacht a fháil ar ár n-ábhar imní agus ar na moltaí a chreidimid a bheadh chun leasa na hearnála. Moltar don bhForas aitheantas a thabhairt do bhfóram trí iarracht mhacánta chomhoibrithe a dhéanamh i dtreo comhréitigh a bheidh chun leasa na hearnála. An todhchaí is láidre a d'fhéadfadh a bheith ag an earnáil ná todhchaí ina bhfuil tosaíochtaí straitéiseacha ar ardleibhéal á n-aithint agus á n-aimsíú trí chur chuige na comhpháirtíochta idir an earnáil dheonach agus an Stát. Tá sé riachtanach do thodhchaí na hearnála go mbeimis ag obair as lámh a chéile air seo agus go mbainfear leas as saineolas na n-eagraíochtaí deonacha chun an obair seo a chur i gcrích.

11. Moltar go mbeidh tógáil ar **mhuinín na hearnála** mar bhunchloch don obair chomhoibritheach molta i dtreo athstruchtúró éifeachtach ar an earnáil. Is chun leasa gach páirtí é má léirítear gur próiseas oscailte é, a thabharfadh fíor-éisteacht i bhfoirm gnímh do na páirtithe.

12. D'aithin an Foras iad féin sa cháipéis *"I gcás aon athraithe, **beidh gá le plean soiléir agus le creatlach bainistíocht um athrú** cuí le cinntiú ráthaíocht agus go háirithe, le cinntiú nach mbeidh príomhláidreachtaí nó buntáistí na staide reatha curtha i gcontúirt sa phróiseas."*

Níor comhlíonadh seo in ainneoin iarratais leanúnacha ón bhFóram lena n-aghaidh.
Moltar é seo a bheith lárnach san obair chomhoibritheach mholta i dtreo comhréitigh.

Céad céimeanna eile

Moltar cur chuige mar seo a leanas i dtreo comhréitigh a aimsiú:-

- i. Mar atá i 24 thuas, forbairt a dhéanamh ar *plean soiléir agus creatlach bainistíocht um athrú*.
- ii. Forbairt a dhéanamh ar phlean straitéiseach an Fhorais.
- iii. Anailís cuimsitheach agus eolaíoch a chur i gcrích ar obair na n-eagras faoi seach, maidir le réimsí oibre, éifeacht agus éifeachtúlacht na hoibre.
- iv. Taighde a dhéanamh ar riachtanais na hearnála de réir sainréimsí éagsúla chun bearnaí a aithint, agus le cinntiú go ndéanfaí freastal cuí ar an bpobal.
- v. Ag eascairt as an anailís ar ghníomhachtaí na n-eagras agus ar na na torthaí taighde faoi bhearnaí sa soláthar, plé a dhéanamh leis na heagrais maidir le múnlaí nua, ag aithint a gcuid saineolais agus ag tabhairt éisteacht dá gcuid moltaí.
- vi. Anailís costas-tairbhe agus / nó cost-éifeacht a dhéanamh ar na roghanna éagsúla a thiocfaidh chun cinn, móide anailís ar éifeacht na moltaí ar earnáil na Gaeilge i gcomhthéacs na pleanála teanga agus spriocanna na straitéise don Ghaeilge.
- vii. An nasc a léiriú idir aon mhúnla molta nua maoinithe agus Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge, straitéis Fhoras na Gaeilge agus ról na n-eagraíochtaí iontu.
- viii. Comhairliúchán a chur sa tsiúl maidir le eiseamláir sa chur chuige maoinithe do na heagrais.
- ix. A chinntiú go bhfuil saineolas ar an earnáil dheonach Ghaeilge ag comhairleoirí, taighdeoirí agus saineolaithe airgeadais.

Focal scoir

Mar eagraíocht atá bunmaoinithe ag an bhForas ó bunaíodh í sa bhliain 1973, táimid an-bhuíoch den bhForas as an maoiniú go dáta, a léirigh aitheantas ar an obair thábhachtach atá ar bun ag an eagraíocht chun leasa earnáil na gaelscolaíochta in Éirinn. Is mian linn, mar eagraíocht, agus mar bhall den bhfóram, gach tacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil don bhForas chun go dtiocfaidh an earnáil, i mbealach comhpháirtíochta agus comhoibrithe, ar mhúnla maoinithe agus struchtúr earnála a bheidh chun leasa na Gaeilge, na gaelscolaíochta agus a cuid pobail fadréimseacha.

AGUISÍN 1: Tuairisc ar chruinniú idir toscaireacht GAELSCOILEANNA TEO. agus Foras na Gaeilge faoin tSamhail Mhaoinithe Mholta. 14.03.2012

Pléadh an próiseas comhairliúcháin, agus chuir GAELSCOILEANNA TEO. in iúl:

1. Gur próiseas é nach bhfuil éasca teacht isteach air le cáipéisí ollmhóra chasta nach spreagann ionchur an ghnáthduine. Léiríonn tinreamh íseal na gcruinnithe castacht na ceiste agus cur chuige lochtach.
2. Leis na ‘fócas ghrúpaí’ - nach bhfuil siad á rith de réir an tuisceana ceart ar struchtúr agus cur chuige fócas ghrúpa.
3. Sleamhnáin as Gaeilge amháin in ainneoin gur ócáid phoiblí iad ag lorg tuairimí ó ghnáthphobal na tíre.
4. Léirigh GAELSCOILEANNA TEO. gur 100% in aghaidh na samhla atá á léiriú ag an bpobal. Bhréagnaigh FORAS NA GAEILGE é agus dúirt sé gur 95% a bhí ina aghaidh. Luaigh GAELSCOILEANNA TEO. go bhfuil sé fíor-thábhachtach go gcuirfear ar fáil na miontuairiscí ó na cruinnithe poiblí seo don phobal, ór is meon an phobail atá á léiriú agus léireodh sé seo go beacht meon an phobail. Dheimhnigh FORAS NA GAEILGE go mbeadh siad mar chuid den tuairisc a réiteoidh na comhairleoirí.
5. Rinne FORAS NA GAEILGE cur síos ar an leagan atá á réiteach do ghasúir scoile. Tá cúpla cruinniú eagraithe agus beartaithe le daltaí gaelscoile (rang amháin as scoil amháin sa tuisceart agus sa deisceart. Thug GAELSCOILEANNA TEO. le fios gur léargas an-teoranta é ag roghnú spriocghrúpa chomh teoranta). Cheistigh GAELSCOILEANNA TEO. conas a d’fhéadfadh gasúir scoile, nach bhfuil aon bhaint acu leis an samhail ná nach dtuigfeadh é, ionchur a bheith acu i bpróiseas comhairliúcháin. Rinne GAELSCOILEANNA TEO. an pointe nach bhfuil aon bhac ar an bhForas meon phaistí a lorg ar riachtanais don Ghaeilge ach gur ceist iomlán éagsúil é ar cheist an chomhairliúcháin agus go gcuirfeadh sé an próiseas as riocht dá réir.

Rinne FORAS NA GAEILGE cur síos ar an bhféilire beartaithe maidir le forbairt na samhla.

- a) Beidh dréacht thuairisc á cur faoi bhráid an bhoird mí Aibreán agus tuairisc iomlán ar an 29 Meitheamh.
- b) Ullmhófar cás ghnó le cur faoi bhráid na Ranna agus ansin an Roinn Airgeadais, ag léiriú sochair, buntáistí agus costas (níl dáta ann dó seo). Rinne GAELSCOILEANNA TEO. an pointe soiléir gur gá do chás gnó a bheith fréamhaithe i dtorthaí taighde eolaíochta ar éifeacht agus éifeachtúlacht. Ní léir go bhfuil sé seo i gceist ag an bhForas a dhéanamh ná indéanta sa tréimhse ghearr thuas.
- c) Rachfaidh sé faoi bhráid CATT sa bhfómhair.

Labhair FORAS NA GAEILGE faoi chomhthéacs an chuíchóirithe agus go bhfuil an tSamhail bunaithe ar thaighde agus dea-chleachtas. Ceistíodh cén dea-chleachtas, agus luaigh FORAS NA GAEILGE an Bhreatain Bheag ach gan fhianaise ná taighde a bheith ar fáil ar an tionchar don phobal. Luaigh GAELSCOILEANNA TEO. samplaí ina raibh an cur chuige seo curtha i bhfeidhm (Astráil ach go háirithe) agus gur scriosadh an earnáil dheonach dá bharr, rud atá léirithe sa taighde.

Luaigh FORAS NA GAEILGE Mazars agus bhréagnaigh GAELSCOILEANNA TEO. gur taighde a bhí i Mazars a léirigh aon thorthaí ar éifeacht agus éifeachtúlacht. Chuir GAELSCOILEANNA TEO. in iúl go han-soiléir nach bhfuil aon bhunús taighde ná dea-chleachtas leis seo agus go bhfuil sé bunaithe ar thuairim an Fhorais gur seo an rud is fearr le déanamh.

Luaigh FORAS NA GAEILGE go bhfuil sé fréamhaithe i dtaighde John Harris agus eile – ach bréagnaíodh aon bhunús leis an ráiteas sin.

Mhínigh an Foras go raibh sé múnlaith ar an Scéim Phobail Gaeilge, ach nuair a ceistíodh cén taighde atá ar fáil mar léiriú ar an éifeacht, soiléiríodh nach ann dó ach go gcreideann an Foras go n-oibríonn an múnla seo.

Pléadh cur chuige na scéimeanna agus scéim an oideachais. Rinneadh pointí maidir le héifeacht cur chuige na samhla mholta agus:-

- Soiléiríodh go bhfuil GAELSCOILEANNA TEO. glan ina choinne mar choincheap agus cuireadh na cúiseanna in iúl.
- Léiríodh an riachtanas a bhaineann le buan-eagras agus buan-sheirbhís do na scoileanna lán-Ghaeilge.
- Míníodh go bhfuil baol an-láidir go gcaillfear an saintaithí, saineolas agus saintuiscint léirithe ag GAELSCOILEANNA TEO. le 40 bliain anuas agus ag bord díograiseach saineolach. Bheadh cailliúint an saineagraíocht seo tubaisteach d'earnáil na scoileanna lán-Ghaeilge. Tá an-tábhacht ag an eagraíocht mar eagraíocht a d'fhás ón bpobal aníos agus de bharr riachtanais an phobail.
- D'aithin FORAS NA GAEILGE ról na hearnála deonaí agus na n-eagras ag cur aidhmeanna an stáit i gcrích ach go bhfuil sainróil acu atá lasmuigh de réimse an stáit agus go bhfuil an ghné stocaireachta sin an-thábhachtach.
- Tá Foras na Gaeilge ag cur i leith na n-eagraíochtaí go bhfuil trasnáil nó dúbláil san obair, ach níl aon taighde nó measúnú déanta acu riamh ar obair na n-eagras, nó ar luach na hoibre sin. Léiríonn an tsamhail nua mhaoinithe easpa tuisceana iomlán ar obair na n-eagras, ar shainréimsí na n-eagras, agus ar obair na hearnála deonaí. Dá mbeadh measúnú ceart déanta, bheadh bóthar chun cinn ann chun dúbláil a sheachaint agus luach ar airgead dá réir.
- Tá an Foras ag tabhairt le fios go bhfuil mí-éifeachtacht san earnáil, ach níl teagmháil déanta le haon eagras a bhfuil sé á chur ina leith.
- Faoi réir mholadh an Fhorais bheadh ar gach eagraíocht, GAELSCOILEANNA TEO. san áireamh, scaoileadh leis na fostaithe. Chaillfí saibhreas na mblianta de dhúthracht agus de thaithí. Ní fhéadfadh riamh go mbeadh an saineolas ná an taithí céanna ag oibrithe ar conradh ná go mbeadh spéis ag éinne cur isteach ar chonarthaí ghearra seirbhíse.
- Chomh maith le deireadh a chur le leanúnachas eagraíochtaí, tá an clár oibre atá leaGAELSCOILEANNA TEO.ha amach go h-iomlán saintreorach. Bainfear de neamhspleáchas na hearnála cláracha oibre eagraíochtúla a cheapadh agus a chur i bhfeidhm a thacaíonn le cur chun cinn na Gaeilge agus a fhreastalaíonn ar riachtanais an phobail. Níl aon áit ann do neamhspleáchas an bhoird ag ceapadh a chuid polasaithe ná clár oibre féin, de réir ár saintuiscint agus saineolas ar an earnáil. Is éard atá ann ná cur chuige leis an maoinitheoir ag aithint spriocanna in oiriúint dá spriocanna féin.
- Cuirfear cosc ar sholúbthacht.

- Tá gá le croí-mhaoiniú leanúnach a bheith ar fáil don earnáil gaelscolaíochta i dtreo is gur féidir an tacaíocht chuí a chur ar fáil go fadtéarmach agus go seasmhach do na scoileanna atá ag múineadh trí mheán na Gaeilge agus mar thacaíocht dá gcuid pobail. Ní oireann coincheap na scéimeanna, de réir spriocanna an mhaoinitheora, d'obair riachtanach a thacaíonn le buan-chóras oideachais mar go mbeadh ceist ann gach cúpla bliana an mbeadh maoiniú ar fáil nó nach mbeadh mar thacaíocht don earnáil.

An Ghaeilge sa Chóras Oideachais Béarla

Labhair GAELSCOILEANNA TEO. go an-láidir i gcoinne an comhnascadh réimse seo faoi aon mhúnla a fhorbrófar. Bheadh impleachtaí an-suntasacha ann d'fheidhmiú agus d'éifeacht na hoibre sa dá réimse seo. Tá an dá réimse ró-éagsúil óna chéile le sainriachtanais agus pobail éagsúla acu. Tugadh samplaí den easaontas bunúsach idir an dá eagrais ar cheisteanna polasaithe agus straitéiseach (mar shampla maidir le caighdeán agus dúshlán na Gaeilge ag leibhéal na hArdteiste).

Maidir le réimse 'An Ghaeilge sa Chóras Oideachais Béarla', chuir GAELSCOILEANNA TEO. in iúl nach raibh sé feiliúnach dóibh TEO. breithiúnas a thabhairt orthu mar is réimse iomlán éagsúil oideachais í nár cheart a nascadh le réimse na gaelscolaíochta.

Chuir GAELSCOILEANNA TEO. in iúl go ndearna an eagraíocht plé le Comhar na Múinteoirí Gaeilge agus aontaíodh go bhfuil spriocanna straitéiseacha, polasaithe agus spriocphobail éagsúla ag an dá -earnáil agus nach mbeadh comhnascadh réimse indéanta ná ciallmhar i mbealach ar bith.

Nótáil agus ghlac FORAS NA GAEILGE leis na tuairimí saineolacha seo ar an réimse. Chuir an Foras in iúl go dtuigeann siad anois na dúshláin agus go mbreathnófaí ar réiteach eile d'earnáil teagaisc na Gaeilge mar ábhar.

Forbairt Scoilphobail

Chuireamar in iúl go bhfuil an tríú mhór-réimse na heagraíochta, sé sin forbairt scoilphobail, as an áireamh. Phléamar an tábhacht lena mbaineann do na scoileanna agus don phobal i gcoitinne. Nótáladh é seo mar easnamh.

Comhchainteanna le hEagraíocht na Scoileanna Gaeltachta

D'ardaigh GAELSCOILEANNA TEO. na comhchainteanna seo agus na hiarrachtaí mhacánta ar chomhnascadh d'fhonn éifeacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach. Tugadh le fios nach bhfuilimid ag fáil tacaíocht ó cheachtar maoinitheoir air seo ná nach léir aon chomhthuiscint ón Roinn OEG agus Foras na Gaeilge gur gá maoiniú ESG a imfhallú chuige seo agus gealltanas ceart a thabhairt do thodhchaí na heagraíochta sin agus d'fhiúntas an chomhnasctha. Chuir FORAS NA GAEILGE in iúl go luíonn an liathróid leis an Roinn.

Shoiléirigh GAELSCOILEANNA TEO. go raibh siad i bhfabhar athstruchtúráil ar an earnáil dheonach a bheadh chun leasa a) earnáil na Gaeilge trí chéile agus b) earnáil na gaelscolaíochta ach go háirithe. Is chuige sin atá comhchainteanna le hESG ar siúl.

Lorg FORAS NA GAEILGE moltaí maidir le conas riar a dhéanamh ar an earnáil oideachais. D'ardaigh sé an cheist, an oibreodh comhnascadh na réimsí réamhscolaíochta, bunscolaíochta agus iarbhunscolaíochta.

Lorg FORAS NA GAEILGE moltaí maidir le conas tacaíocht a thabhairt don phobal in earnáil an oideachais lán-Bhéarla. Soiléiríodh nach sin ár sainról ná sainghnó.

De dheasca brú ama, cuireadh deireadh leis an gcruinniú. Níor éirigh le GAELSCOILEANNA TEO. a gcuid pointí ar fad a dhéanamh ach soiléiríodh go ndéanfar iomlánú orthu san aighneacht.